

Údaráis Áitiúla Chiarraí


Kerry Local Authorities



Scéim Gaeilge II, 2010-2013
Irish Language Scheme II, 2010-2013

Gaeltachtaí Chiarraí

Kerry's Gaeltacht Areas



Contae Chiarraí agus na Gaeltachtaí

Le h-achar de 1,815 míle cearnach ‘sí Ciarraí an cúigiú contae is mó den dá Chontae agus tríocha in Éirinn. Le daonra de 139,835 de réir Daonáireamh 2006, tá méadú 5.5% ar dhaonra an chontae ó 2002 i leith.

Is Contae é Ciarraí ina bhfuil dhá cheantar mór Gaeltachta, i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach, mar aon le pobal suntasach Gaeilgeoirí atá ag dul i méid sa chuid eile den gContae.

Ceantair shaibhre iad na Gaeltachtaí ó thaobh teanga, traidisiún, scríbhneoireacht, béaloidis, ceoil, suímh stairiúla agus seandálaíochta de ach níos tábhachtaí fós, ‘sí na Gaeltachtaí tobar na Gaeilge, áit a bhfuil an Ghaeilge fós beo mar theanga pobail agus dá bharr ní mór í a chosaint agus a chaomhnú.

Tá pobal na Gaeilge ag dul i méid sa chuid eile de Chiarraí, áit a bhfuil 4 Ghaelscoil, i dTrá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail agus Oileán Chiarraí, Meánscoil lán-Ghaeilge i dTrá Lí agus Sruth Gaeilge meánscoile i gCathair Saidhbhín.

Tá sé mar aidhm ag an Scéim Gaeilge seo seirbhísí trí Ghaeilge a chur chun cinn i measc phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, agus ‘*Oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na gceantar Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chosaint mar theanga pobail*’ (*Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2009-2015*). Tá gá le bearta forghníomhacha den saghas seo chun a chinntíú go mairfidh an Ghaeilge mar theanga phobail agus go dtiocfaidh traidisiún saibhir na Gaeltachta slán.

Contae Chiarraí - 3 bliana d'aois agus níos sine

POS	Daonra Chiarraí	Daoine ábalta Gaeilge a labhairt	Cainteoirí Gaeilge Laethúla lasmuigh den Oideachas
2006	139,835	61,685	3,658
2002	132,527	60,885	N/A
1996	126,130	57,204	N/A

Gaeltachtaí Chiarraí - Corca Dhuibhne & Uíbh Ráthach

POS	Daonra na nGaeltachtaí	Daoine ábalta Gaeilge a labhairt	Cainteoirí Gaeilge Laethúla lasmuigh den Oideachas
2006	8,446	6,170	1,810
2002	8,264	6,243	3,437
1996	8,145	6,132	3,921

Foinse: Suíomh Idirlín na Príomh-Oifige Staidrimh: www.cso.ie

County Kerry and its Gaeltachtaí

Kerry, with an area of 1,815 sq. miles, is the fifth largest of Ireland's thirty-two Counties. The population of the County as recorded in the 2006 Census of population is 139,835 an increase of 5.5% since 2002.

Kerry is a County in which there are two large Gaeltacht areas, in West Kerry and in South Kerry, as well as a significant and growing Irish speaking community in the rest of the County.

These Gaeltacht areas are rich in language, tradition, writing, folklore, music, historical and archaeological sites but more importantly, these Gaeltacht areas are the fountain-head of the Irish Language, areas where Irish is still the living language of the community and must therefore be protected and nurtured.

The Irish speaking Community is increasing in the rest of Kerry: there are 4 primary Gaelscoil's operating in Tralee, Killarney, Listowel and Castleisland, 1 All-Irish Secondary in Tralee and an Irish Secondary Stream in Cahersiveen.

It is the aim of this Irish Language Scheme to promote the use of services through Irish among the Irish speaking communities both inside and outside the Gaeltacht, and in particular '*To protect the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht areas and promote Irish as the community language*' (*Kerry County Development Plan 2009-2015*). Proactive measures of this kind are needed to ensure the survival of Irish as a community language and the future of our rich Gaeltacht tradition.

County Kerry - 3 years of age and over

CSO	Population of Kerry	Persons able to speak Irish	Persons speaking Irish daily outside Education
2006	139,835	61,685	3,658
2002	132,527	60,885	N/A
1996	126,130	57,204	N/A

Kerry's Gaeltachts - West Kerry & South Kerry

CSO	Gaeltacht Population	Persons able to speak Irish	Persons speaking Irish daily outside Education
2006	8,446	6,170	1,810
2002	8,264	6,243	3,437
1996	8,145	6,132	3,921

Source: Central Statistics Office. Website: www.cso.ie

1.1 Réamhrá

D'ullmhaigh Údaráis Áitiúla Chiarraí an Scéim seo faoi Alt 11 de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Forálann Alt 11 d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí, ina sonraithear na seirbhísí a bhfuil sé i gceist iad a sholáthar:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

Leagann an Scéim seo amach na bearta a ghlacfar chun aon seirbhís nach bhfuiltear ag soláthar trí Ghaeilge a sholáthar laistigh den scála ama aontaithe.

Tógann an Scéim ar Phlean Gníomhaíochta Gaeilge Chomhairle Chiarraí 2001-2006 agus ar an gCéad Scéim Gaeilge. Tá polasaí reatha Gaeilge na nÚdarás Áitiúil i gCiarraí leagtha amach sa scéim seo. Luíonn freagracht monatóireachta agus athbhreithnithe na Scéime ar Bhainistíocht Shinsearach na Údarás Áitiúil i gCiarraí.

Ullmháiodh an scéim seo in am atá cúrsaí airgeadais deacair agus éiginnte. Leis an timpeallacht oibre ag síor-athrú agus na h-éilimh ag dul i méid i gcónaí tabharfar túis áite do phríomh-sheirbhísí na Comhairle a sholáthar amach anseo. Tuigeann Comhairle Contae Chiarraí an tábhachtacht le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge agus tá an Chomhairle lán tiománta don Scéim seo a chur i bhfeidhm.

1.2 Ullmhú na Scéime nua

Tá an scéim seo dréachtaithe i gcomhar leis na treoirínta a d'fhoilsigh an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta i 2004. Lorg an Chomhairle aighneachtaí ón bpobal i mBealtaine 2008 faoi Alt 13 den Acht maidir le hullmhú na scéime seo. Fuarhas 3 chinn d'aighneachtaí ó eagraíochtaí Gaeilge agus Stáit. Tugadh aird ar na haighneachtaí sin sa scéim seo. Gabhann an Chomhairle buíochas le gach duine a chabhraigh leis an bpróiseas seo.

1.2 Ábhar na Scéime nua

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le húsáid na Gaeilge taobh istigh den eagraíocht ó ghlacadh le Plean Gníomhaíochta 2001-2006. Tá Oifigigh Ainmnithe Gaeilge i ngach roinn, tá oiliúint sa Ghaeilge mar chuid lárnach anois den gClár Oiliúna Foirne, tá comharthaí dátheangacha crochta agus úsáidtear Gaeilge ar fhógraí, i bhfoilseacháin agus in ábhar clóite. Níor bhféidir an méid sin a bhaint amach gan tacaíocht ionlán ionadaithe tofa agus fhoireann Chomhairle Contae Chiarraí.

Sa chéad Scéim Gaeilge do na hÚdarás Áitiúla i gCiarraí, tugadh gealltanais chun leibhéal na seirbhíse Gaeilge a fheabhsú, ina measc...

- foirmeacha iarratais d'ár gcuid agus bileog eolais a ghabhann leo á fhoilsiú go dátheangach taobh istigh den gclúdach chéanna,
- rogha á thabhairt do chustaiméirí ríomh-ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge ag gaeilge@ciarraie.ie
- preasráitis na hÚdarás Áitiúil i gCiarraí á eisiúint go dátheangach
- agus an Ghaeilge á forbairt mar theanga oibre i Leabharlann an Daingin agus in Oifig Áitiúil Cheantar an Daingin.

Tá an Dara Scéim Gaeilge seo bunaithe ar an tuiscint gur comhlíonadh na gealltanais ar fad sa Chéad Scéim agus sa chás gcás nár comhlíonadh gealltanais sna Scéim úd go hiomlán go dtí seo, tá Oifig an Choimisínéara Teanga tar éis déileáil leis an scéal.

Tá sé mar chuspóir ag an Dara Scéim leanúint ag seachadadh na ngealltanais seo agus leibhéal na seirbhíse Gaeilge a forbairt agus a fheabhsú idir 2010-2013. Cuireann an Scéim nua le prionsabal Sheirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus deinfeart éascú ar dhaoine gur mian leo a ngnó a dhéanamh leis an gComhairle trí Ghaeilge.

1.1 Introduction

This Scheme was prepared under Section 11 of the Official Languages Act 2003 by Kerry Local Authorities. Section 11 provides for the preparation by a public body of a statutory scheme specifying the services it proposes to provide:

- through the medium of Irish
- through the medium of English
- through the medium of both Irish and English

This Scheme sets out the measures to be adopted to ensure that any services that are not provided through the medium of Irish will be so provided within the agreed timeframe.

This Scheme builds on both Kerry County Council's Irish Action Plan of 2001-2006 and our First Irish Scheme. Kerry Local Authorities current Irish Language policy is laid out in this scheme. Responsibility for monitoring and reviewing the Scheme rests with Senior Management of the Local Authorities in Kerry.

This scheme has been prepared in difficult and uncertain financial times. Our current working environment is ever changing and with increasing demands the provision of the Council's core services will be a priority going forward. Kerry County Council recognises the importance of delivering services through Irish to our customers and is fully committed to implementing this Scheme.

1.2 Preparation of the new Scheme

This scheme has been drafted in line with guidelines issued by the Minister for Community, Equality and Gaeltacht Affairs in 2004. While preparing this scheme the Council sought submissions from the public in May 2008 in accordance with Article 13 of the Act and received 3 submissions from Irish Language and State organisations. The Council had regard to these submissions in this scheme and thanks all those who helped with this process.

1.3 Scheme Contents

The use of Irish has advanced significantly within the organisation since accepting the Irish Action Plan 2001-2006. There are now nominated Irish officers in each Department, Irish courses are a central part of the Staff Training Programme, bilingual signage has been erected and Irish is used in advertising, publications and printed material. This would not have been possible without the support of Kerry County Council staff and elected representatives.

Commitments were given in Kerry County Council's First Irish Language Scheme to improve our level of service through the medium of Irish, including...

- publication of all our application forms and associated information leaflets bilingually under the one cover
- providing customers with an option of doing electronic business through Irish at gaeilge@ciarraí.ie
- issuing of all Kerry Local Authorities' press statements bilingually
- developing Irish as a working language in An Daingean Library and Local Area Office.

This Second Scheme is based on the understanding that all commitments were met in the First Scheme and any commitment that has not yet been completed in that Scheme, has been dealt with by the Coimisinéir Teanga's Office.

It is the objective of the Second Scheme to continue delivering on these commitments and to develop and improve the level of Irish Language Services between 2010-2013. This new Scheme adds to the principle of providing High Quality Service to customers while facilitating customers who wish to do their business with the Council through Irish.

1.4 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo aontaithe i bprionsabal leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, ag braith ar aontú Chomhaltaí Chomhairle Contae Chiarraí, cuirfear túis leis an scéim ón 26ú Deireadh Fómhair 2010 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin, nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de réir Alt 15 den Acht, pé acu is luaithe.

1.5 Liosta Custaiméirí

- An tAire agus Roinn Comhshaoil
- Oifigí Aireachta agus Ranna Rialtais eile
- Custaiméirí agus Pobal Údarás Áitiúla Chiarraí
- Grúpaí Pobail Áitiúla
- Gníomhairí eile Stáit
- Páirtnéirí sóisialta
- Údarás áitiúla agus Réigiúnacha eile
- Eagraíochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh
- Grúpaí LEADER
- Soláthróirí Seirbhíse san Earnáil Phríobháideach
- Gnónna Príobháideacha Áitiúla

1.6 Achoimre ar na hÚdarás Áitiúla i gCiarraí

Is í Comhairle Contae Chiarraí an tÚdarás Áitiúil atá freagrach as Contae Chiarraí a riadar. Tá trí Chomhairle Baile ann - Trá Lí, Lios Tuathail agus Cill Airne, agus seacht gcinn d'Oifigí Áitiúla Ceantair sna ceantair seo leanas An Daingean, Cathair Saidhbhín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail, Neidín agus Trá Lí.

Tagann gach Comhairle agus Oifig Ceantair atá taobh istigh den gcontae faoi dhlínse Bhainisteoir an Chontae. Tá príomhaidhmeanna agus seirbhísí na Comhairle rangaithe faoi ocht Roinn Bainistíochta:

- Tithíocht agus Tacaíocht Shóisialta
- Iompar agus Bóithre
- Seirbhísí Uisce
- Seirbhísí Comhshaoil
- Eacnamaíocht, Pleanáil agus Forbairt
- Pobal, Cultúr, Oidhreacht agus Caitheamh Aimsire
- Seirbhísí Corparáideacha
- Airgeadas

Tá freagracht dhíreach ar na Comhairlí Baile formhór na seirbhísí ina gceantair uirbeacha a sholáthar - tithíocht, bóithre (ní bóithre náisiúnta ná réigiúnach), uisce, gréasán dramhuisce, pleanáil agus forbairt, seirbhísí comhshaoil, reiligí, páirceanna agus áiseanna. Tá freagrachtaí breise ar Chomhairle Baile Thrá Lí, bainistiú ar áiseanna turasóireachta ina measc.

1.4 Commencement Date of Scheme

This Scheme has been agreed in principle with the Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs, subject to the members of Kerry County Council approving the scheme; the Scheme will commence with effect from 26th October 2010 and shall remain in force for a period of 3 years from that date, or until a new Scheme has been confirmed by the Minister, pursuant to Section 15 of the Official Languages Act, whichever is earlier.

1.5 List of Customers

- The Minister and Department of the Environment
- Other Government Departments and Ministerial Offices
- Kerry Local Authorities Customers and the General Public
- Local Community Groups
- Other State Agencies
- Social Partners
- Other Local and Regional Authorities
- Organisations of the European Union
- LEADER Groups
- Private Sector Service Providers
- Local Private Businesses

1.6 Summary of the Local Authorities in Kerry

Kerry County Council is the Local Authority responsible for the administration of the County of Kerry. There are three Town Councils - Tralee, Listowel and Killarney; and there are seven Local Area offices in the following districts: An Daingean, Cahersiveen, Killarney, Killorglin, Listowel, Kenmare and Tralee.

Each Council and Area Office within the county area, comes under the jurisdiction of the County Manager. The principal functions and services of the Council are classified into eight Management Sections:

- Housing and Social Support
- Roads and Transportation
- Water Services
- Environmental Services
- Economic, Planning and Development
- Community, Culture, Heritage and Recreation
- Corporate Services
- Finance

Town Councils have direct responsibility to provide most services in their urban areas - housing, roads (not national or regional), water and wastewater network, planning and development, environmental services, burial grounds, parks and amenities within the urban area. Tralee Town Council has additional responsibilities, including the management of visitor facilities.

1.7 Achoimre ar Seirbhísí Ranna

An Roinn Tithíochta

Soláthraíonn an Roinn Tithíochta cóiríocht do dhaoine trí sholáthar dhíreach tithíochta ar chíos. Cuireann an Roinn úinéireacht tí chun cinn, chomh maith, le cúnamh scéimeanna éagsúla iasachta. Is é ról an Údarás Tithíochta a chinntíú go mbeidh áitreabh a oireann dá riachtanas ag gach líontí, ar chíos nó ar chostas ar féidir leis an líontí é a sheasamh.

An Roinn Bóithre agus lompair

Tá Roinn na mBóithre freagrach as bóithre poiblí a dheardadh, a chothú agus a thógaint i gCiarraí, áit a bhfuil 430km de Bhóithre Náisiúnta agus 4,230km de bhóithre eile. Tá sábháilteacht agus cothabháil leanúnach i gceist le gréasán sábháilte éifeachtach a chur ar fáil do na riachtanais Tionsclaíochta, Talmhaíochta, Turasóireachta agus Pobail i gCiarraí.

An Oifig Mótarchánach

Tá an Oifig Mótarchánach freagrach as Ceadúnais Tiomána agus Feithicle a eisiúint agus gníomhaíochtaí agus seirbhísí gaolmhara eile ar son an Rialtais. Cuirtear an t-airgead ar fad a bhailítear i gCiste an Rialtais Áitiúil.

Roinn na Seirbhísí Uisce

Tá an Roinn seo freagrach as feidhmiú agus cothabháil scéimeanna soláthar uisce poiblí, áiseanna cóireála fuíolluisce, áiseanna poiblí agus reiligí ar fud an Chontae, de réir pholasaí agus reachtaíocht Náisiúnta na hÉireann, agus an AE.

An Roinn Pleanála

Is é ról na Roinne Pleanála ná a chinntíú go mbeidh forbairt phleanálte de réir prionsabail inmharthanachta a eascaíonn an dul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta fadtéarmach, úsáid éifeachtach a bhaint as talamh, acmhainní agus bonneagar agus an timpeallacht nádúrtha agus tógha a chosaint.

Roinn na Seirbhísí Comhshaoil

Tá Roinn na Seirbhísí Comhshaoil freagrach as an timpeallacht a chosaint ar fud Chiarraí. San áireamh anseo tá cur i bhfeidhm reachtaíocht reatha comhshaoil sna réimsí Bainistiú Dramhaíola agus Rialú Truaillithe. Tá an Roinn freagrach leis as Feasacht Chomhshaoil a chur chun cinn.

Seirbhísí Leabharlainne

Tá gréasán de 9 gcinn de chraobhacha leabharlainne againn i mbailte ar fud Chiarraí, a sholáthraíonn seirbhís fhairsing pobail, ina measc ábhar léitheoireachta, tagartha agus ábhar clos-amharc d'óg agus aosta. Cuirtear an Ghaeilge chun cinn sna Leabharlanna trí ghníomhaíochtaí éagsúla le linn na bliana agus tríd an Rannóg ar Stair Áitiúil.

Roinn Gnóthaí Corparáideacha

Déileálann an Roinn seo le raon leathan seirbhísí agus soláthraíonn tacáiocht riarracháin don Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearacha, i réimsí a bhaineann leis an gComhairle Tofa. San áireamh i seirbhísí na Roinne seo tá Seirbhísí Custaiméara, Deontais ArdOideachais, Clár na dToghthóirí, Riarachán Cruinnithe Ceantair, Preas agus Cumarsáid agus Oifig na Gaeilge.

1.7 Summary of Department Services

The Housing Department

The Housing Department provides accommodation for people through the direct provision of housing for rent, and also promotes home ownership through the various loan schemes offered. The Council's role as Housing Authority is to ensure that every household has a dwelling suitable to its needs at a price or rent it can afford.

The Roads and Transportation Department

The Roads Department is responsible for the design, maintenance and construction of public roads in Kerry, where some 430km of National Roads and 4,230kms of other roads exist. This includes safety considerations and ongoing maintenance, in order to provide a safe and efficient network to serve the needs of the county for Industrial, Agricultural, Tourism and Community Development.

The Motor Taxation Office

The Motor Taxation Department is responsible for the issue of Driver and Vehicle Licences, and other related functions and services, on behalf of Central Government. All monies collected are credited to the Local Government Fund.

The Water Services Department

This Department is responsible for the operation and maintenance of public water supply schemes, waste water treatment facilities, public conveniences and burial grounds throughout the County, in accordance with National and EU Legislation and Policy.

The Planning Department

The Planning Department's policy is to ensure that development is planned in accordance with principles of sustainability, facilitating long-term economic and social progress, efficient use of land, resources and infrastructure, while safeguarding the natural and built environment.

The Environmental Services Department

The Environmental Services Department has responsibility for environmental protection throughout the county. This involves the enforcement of all current environmental legislation in the areas of Waste Management and Pollution Control. In addition, it has responsibility for the promotion of Environmental Awareness.

Library Services

The County Library service has a network of 9 branch libraries in the towns throughout Kerry, providing a comprehensive community service, including reading, audio-visual and reference material for both adults and children. Kerry Library service promotes Irish in its Libraries through various activities throughout the year and through its Local History Section.

Corporate Affairs Department

This Department deals with a broad range of services and provides administrative back-up to the Senior Executive Officer, Corporate Affairs, in areas relating to the Elected Council. Services also included in this department are Customer Services, Higher Education Grants, Register of Electors, Area Meeting Administration, Press and Communications and the Irish Office.

Roinn na Seirbhísí Dóiteáin

Tá Roinn na Seirbhísí Dóiteáin freagrach as freastal ar ghlaonna éigeandála tine, timpistí bóthair, cúrsai éigeandála eile mar aon le comhairle a thabhairt ar shábháilteacht tine. Soláthraítear Seirbhís Briogáide Tine 24uair/365 lá sa bliaín don gContae, le Briogáid i ndeich mbaile agus Meitheal Dheonach i trí chinn de shráidbhailte.

An Roinn Acmhainní Daonna

Is é ról na Roinne Acmhainní Daonna ná a chinntiú go bhfuil foireann chálithe, le hoiliúint agus acmhainní chuí, fostaithe sna hÚdaráis Áitiúla i gCiarrai. Is Roinn lárnoch é seo atá freagrach as caidrimh tionsclaíochta, as sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe chomh maith le seirbhísí a sholáthar do rannóga oibríochtúla eile na nÚdarás Áitiúil.

An Roinn Airgeadais

Tá trí chuid sa Roinn Airgeadais - An Roinn Airgeadais, An Roinn Ioncaim agus An Roinn Iníúchóireachta Inmheánach.

An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise

Tá an Roinn Teicneolaíocht Faisnéise freagrach as córais ríomhaireachta na nÚdarás Áitiúil a chothú, straitéisí teicneolaíochta eolais a fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar do Ranna eile chun a gcuid seirbhísí laethúla a sholáthar. Níl aon seirbhísí á soláthar go díreach don bpobal.

Roinn an Dlíodóra Chontae

Soláthraíonn an Roinn seo seirbhís agus comhairle dlí don gComhairle. Cé gur obair inmheánach mórán den obair, bionn teagmháil ag an Roinn leis an bpobal agus a n-ionadaithe dlí.

Cosaint Shíbhialta Chiarrai

Is é ról Cosaint Shíbhialta Chiarrai ná cabhair a sholáthar i gcas tubaistí agus timpistí, mar aon le h-oibrithe deonacha oilte, fearas agus tacaíocht líostíochta a chur ar fáil mar thacaíocht don bpobal i gcásanna éigeandála.

Ealaíon, Cultúr agus Oidhreacht

Na príomhréimsí oibre anseo ná:

- Rannpháirtíocht, feasacht agus teacht ar na h-ealaíona i gCiarrai a éascú agus a chur chun cinn.
- Mórtas a chur chun cinn, polasaithe a fhorbairt agus bailiú sonrai a éascú i dtaoibh gach gné d'Oidhreacht Nádúrtha agus Tógraí i gCiarrai.
- Soláthar Seirbhísí na Comhairle trí Ghaeilge a fhorbairt, agus eolas agus tacaíocht i leith cur chun cinn na Gaeilge i gCiarrai a sholáthar.

An Roinn Fiontair agus Pobail

Tugann An Roinn seo tacaíocht do Bhord Forbartha an Chontae tríd Straitéis Sóisialta, Eacnamaíochta agus Chultúrtha (Meitheal Chiarrai 2002-2011) a chur i bhfeidhm, rud a threoraíonn gach forbairt sa Chontae. Forbraítear polasaithe agus tionscnaimh ina bhfuil fócas iniamh shóisialta agus fiontraíochta iontu do na hÚdaráis Áitiúla i gCiarrai.

The Fire Services Department

The Fire Service Department has responsibility for response to fire emergency calls, road traffic accidents and other emergency situations, as well as providing advice on fire safety. The Fire Service Department provides a 24 hour / 365 day Fire Brigade Service for the County with Brigades in ten towns and Volunteer Squads in three villages.

The Human Resources Department

The role of the Human Resources Department is to ensure that a suitably qualified, trained and resourced staff is deployed within Kerry Local Authorities. The Department is a key one with responsibility for industrial relations, for the safety, health and welfare of employees, and for the provision of services to other operational sections of the Council.

Finance

The Finance Department is comprised of three sections - the Finance Department the Revenue Department and the Internal Audit Department.

The Information Technology Department

The Information Technology Department is responsible for maintaining the Council's computer systems, for developing information technology strategies and for supporting other Departments in their service delivery. No direct services are provided to the general public.

The County Solicitor's Department

This Department provides legal services and advice for the Council. While much of the work involves internal matters, the department has contact with members of the public and their legal representatives

Kerry Civil Defence

The role of the Civil Defence is to assist in case of disasters and accidents, and the provision of trained volunteers, equipment and logistical support to the community during emergency situations.

Arts, Culture and Heritage

The main areas of works here include:

- Facilitating of participation, awareness and access to the arts in Kerry.
- Promoting pride, formulating policy and facilitating the collection of data in relation to all aspects of the built and Natural Heritage within Kerry.
- Developing the delivery of Council services through Irish, and providing information and support in the promotion of Irish in Kerry.

Community and Enterprise

This Department supports the County Development Board by implementing The Social, Economic and Cultural Strategy (Meitheal Chiarraí 2002–2011), which guides and influences all developments in the County. Policies and initiatives are developed with a social inclusion and enterprise focus for the Local Authorities in Kerry.

3. Feabhas ar ár Seirbhísí Gaeilge

3.1 Bileoga Eolais agus Foirmeacha larratais

Leanfaidh Údaráis Áitiúla Chiarraí ag foilsíú gach foirm iarratais agus eolas a ghabhann leo go dátheangach taobh istigh den gclúdach céanna, mar aon le n-ár mbileoga eolais, seirbhís a bheidh ar fáil ag na cuntair phoiblí. Leanfar ag soláthar bileoga eolais agus foirmeacha náisiúnta, atá foilsithe ag Ranna Stáit, i nGaeilge agus i mBéarla de réir mar is féidir linn iad a fháil ó na Ranna cuí.

Déanfar athbhreithniú ar Fhoirmeacha Údarás Áitiúil Chiarraí, agus na bileoga eolais cuí, chun iad a chur i ‘nGnáth-Ghaeilge Nádúrtha’ don gcustaiméir, ag tosnú i 2011 agus le críochnú fé 2012.

3.2 Fáiltiú/Malartán

Ó thus na Scéime tabharfaidh Fáilteoirí i malartáin Áras an Chontae ainm na Comhairle i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla agus iad ag freagairt an fón. Beidh tuiscint acu ar na bun-bheannachtaí and ainmneacha Ranna i nGaeilge agus beidh socraithé ann le daoine as an bpobal a chur i dteagmháil go tapaigh le pé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá á lorg acu trí Ghaeilge.

Déanfar ainm an Údaráis Áitiúil a thabhairt i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla, a leathadh amach go gach Comhairle Baile agus Oifig Ceantair sna nÚdaráis Áitiúla i gCiarraí fé dheireadh na bliana 2012. Fágfar teachtaireachtaí taifeadta fón i nGaeilge amháin sna hoifigí Gaeltachta.

3.3 Seirbhís Cuntair i nGaeilge

Leanfaidh an Chomhairle ag soláthar seirbhísí cuntair i nGaeilge, ag an bhFáiltiú in Áras an Chontae, agus in oifigí poiblí sna Ranna Pleanála, Tithíochta, Comhshaoil, Ioncaim agus Bóithre agus san Oifig Mótarchánach.

Cuirfear seirbhís Fiosrúcháin Ghinearálta Cuntair Poiblí ar fáil trí Ghaeilge ón Oifig Ceantair i gCathair Saidhbhín agus i gComhairle Baile Thrá Lí ó thús na scéime seo.

3.4 Córais Ríomhaireachta

Leanfar leis an tseirbhís faoinar féidir leis an bpobal ríomhghnó a dhéanamh leis an gComhairle Contae ach scriobh chuig gaeilge@ciarraie.ie

Beidh aon chórais nua ríomhaire a shuiteálfar ábalta an Ghaeilge a láimhseáil ina ionláine agus curfear aon chóras reatha in oiriúint dá leithéid ag an gcéad uasgrádú nó obair chothabhála pleanáilte eile. De bharr ceisteanna móra teicniúla agus acmhainní atá i gceist, tabharfar aghaidh ar seo sa bhfadteárma.

3.5 Seirbhísí Idirghníomhacha Ar-líne

Tabharfar seirbhísí idirghníomhacha nua, a chuireann ar chumas an phobail iarratais nó fiosrúcháin a dhéanamh ar-líne, isteach go comhuaineach sa dá theanga. Cuirfear gach seirbhís idirghníomhacha reatha atá fén ár smacht ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ag an gcéad uasgrádú pleanáilte eile. Níl aon smacht againn ar chórais tríú páirtí.

3.6 Suímh Idirlín

Cinnteoidh na hÚdaráis Áitiúla go gcuirfear an leagan Gaeilge do gach ábhar seasta, chomh maith le gach foilseachán, bileoga eolais agus bróisiúir san áireamh, dá dtáirgtear as Gaeilge nó sa dá theanga, ar fáil ar leagan Gaeilge an tsuímh idirlín ag an am céanna is a chuirtear an leagan Béarla ar fáil. Beidh an t-ábhar seasta ar aon suíomh idirlín nua a thugann na hÚdaráis Áitiúla i gCiarraí isteach le linn na scéime, dátheangach. Níl aon smacht againne ar chórais tríú páirtí.

3. Improving our Services through Irish

3.1 Application forms and Information Leaflets

Kerry Local Authorities will continue to issue all application forms and associated information leaflets bilingually under one cover, as well as our information leaflets, a service that will be available from public counters. National application forms and associated information leaflets issued by State Departments in Irish and in English, will continue to provided on receipt of same from the relevant Departments.

Kerry Local Authority Forms and their relevant information leaflets will be reviewed for the benefit of using ‘Plain Natural Irish’ for the customer, beginning in 2011 and finishing in 2012.

3.2 Reception/Switchboard

From the beginning of the Scheme Receptionists at the switchboard in Áras an Chontae will give the name of the Council in Irish, or in Irish and English, when answering the phone. They will have an understanding of basic greetings and Department names in Irish and arrangements will be in place to put members of the community in contact with the office or official responsible for providing the service they require through Irish.

The giving of the name of the Local Authority in Irish, or in Irish and English, will be extended to all Town Councils and Local Area Offices of Kerry Local Authorities by the end of the year 2012. Recorded messages will be left in Irish only in Gaeltacht offices.

3.3 Counter Services through Irish

The Council will continue to provide counter services through Irish in Áras an Chontae, at the Reception and in the public offices of the Planning, Housing, Environment, Revenue, Roads and in the Motortax Office.

A general queries service through Irish will be provided from the Public Counter in the Cahersiveen Local Area Office and Tralee Town Council from the beginning of this scheme.

3.4 Computer Systems

The service allowing customers to do business electronically with the County Council will be continued at the email address gaeilge@ciarraei.ie

Any new computer systems to be installed will be totally compatible with the Irish Language and any current computer systems will be updated to cater for same during the next planned upgrade or maintenance work. As this involves major technological issues and resources, this will be dealt with on a long term basis.

3.5 Interactive Services On-Line

New interactive services that allow people to make applications or queries on-line will be brought in simultaneously in both languages. All current interactive services under our control will be made available in both Irish and English during the next planned upgrade. Third party systems are beyond our control.

3.6 Websites

The Local Authorities will ensure that the Irish version of all static data, as well as publications, including brochures and information leaflets, that are produced in Irish or bilingually, will be made available on the Irish version of the website at the same time the English version is made available. Static material on any new Kerry Local Authority websites introduced during the duration of this scheme will be bilingual. Third party systems are beyond our control.

3.7 Preasráitis

Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla i gCiarraí ag eisiúint a gcuid preasráitis ar fad go dátheangach.

Eiseofar gach preasráiteas dhátheangach de chuid na nÚdarás Áitiúla dath chódaithe ó thús na scéime seo.

3.8 Oifigí Gaeltachta

Leanfaidh foireann riarracháin Oifig Cheantair an Daingin agus Leabharlann an Daingin de bheith in ann seirbhís ghinearálta a sholáthar trí Ghaeilge.

Go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre in Oifig Cheantair an Daingin agus Leabharlann an Daingin fé dheiminadh 2011.

Ó thús na scéime curfidh na hÚdaráis Áitiúla túis le forbairt na Gaeilge mar theanga oibre in Ionad Athchúrsála ‘gus Dramhaíola Chorca Dhuibhne, agus beidh an Ghaeilge mar ghnáth-theanga oibre sna hoifigí sin ó thús 2016.

3.9 Logainmneacha Gaeltachta

Go n-úsáidfidh Údaráis Áitiúla Chiarraí an leagan Gaeilge de logainmneacha na Gaeltachta ar cháipéisí, comharthaí, bunachar sonraí agus líníochtaí ó thús 2012.

3.10 Comharthaíocht Gaeltachta

- Go n-úsáidfí **Cló Láidir** nó PRÍOMH LITREACHA don nGAEILGE, agus *Litreacha móra 's beaga i gcló iodálach* don *mBéarla*, ar chomharthaí dhátheangach nua sa Ghaeltacht ó thús na scéime.
- Go n-úsáidfidh **Cló Láidir** nó CEANNLITREACHA sa chás nach bhfuil ach leagan amháin de logainm ar chomharthaí Gaeltachta ó thús na scéime.

3.11 Cruinnithe Poiblí sa Ghaeltacht

Go ndéanfaí cathaoirleacht trí Ghaeilge ar chruinnithe poiblí na Comhairle sa Ghaeltacht, le h-aistriúcháin comhuaineach agus tuairisci dhátheangacha chun cuidiú leis nuair is cuí ó thús na scéime.

3.12 Cruinnithe Réamh-Phleanála sa Ghaeltacht

Go dtabharfaidh an Roinn Pleanála túis áite do chustaiméirí Gaeltachta cruinnithe Réamh-Phleanála trí Ghaeilge a roghnú roimh dheiminadh na Scéime seo.

3.13 Tionónthaí Comhairle sa Ghaeltacht

Tacaíocht Gaeilge a sholáthar do Thionónthaí i dtithe na Comhairle Contae sa Ghaeltacht i bpáirt leis an Roinn Tithíochta ó thús na scéime.

3.14 Ainm na gComhairlí Áitiúla ar Ábhair

- Scríobhfar ainm an Údaráis Áitiúil ar chúl Comharthaí Sealadacha na Comhairle i nGaeilge, nó go dhátheangach, le túis áite don nGaeilge, ó thús na scéime seo.
- Scríobhfar ainm an Údaráis Áitiúil ar Chasóga nua do na hoibrithe bóthair i nGaeilge, nó go dhátheangach, le túis áite don nGaeilge, ó thús na scéime seo.

3.7 Press Statements

Kerry Local Authorites will continue to issue all press realeases bilingually.

All bilingual Press Statements of the Local Authorities will be colour-coded from the beginning of this scheme.

3.8 Gaeltacht Offices

Administrative Staff at An Daingean Area Office and Library will continue to be able to provide a general service in Irish.

That Irish be the working language of An Daingean Local Area Office and An Daingean Library by the end of 2011.

From the beginning of this scheme the Local Authorities will begin developing Irish as the normal working language in The West Kerry Waste and Recycling Centre, and Irish will be the normal working language in that office by the end of 2016.

3.9 Gaeltacht Placenames

That Kerry Local Authorities use the Irish version of the Gaeltacht Placenames on documents, signs, databases and drawings from the beginning of 2012.

3.10 Gaeltacht Signage

- That **Bold Case** or **UPPER CASE** lettering be used for **IRISH**, and *Upper and lower case italics* for *English*, on all new bi-lingual signage within the Gaeltacht from the beginning of this Scheme.
- In cases where only one placename is in use on Gaeltacht signage, **Bold Case** or **UPPER CASE** lettering will be used from the beginning of this Scheme.

3.11 Public Meetings in the Gaeltacht

That public meetings organised by the Council in the Gaeltacht be chaired through Irish, with simultaneous translation and bi-lingual reports to support this where appropriate from the beginning of this scheme.

3.12 Gaeltacht Pre-Planning Meetings

That it be a priority of the Planning Department that Gaeltacht customers be given the option of Pre-Planning meetings through Irish by the end of this Scheme.

3.13 Tenants in Gaeltacht Council Housing

To provide Tenants in Gaeltacht Council Housing, with an Irish Language support in conjunction with the Housing Department from the beginning of the scheme.

3.14 Local Authority Name on Materials

- Local Authorities will use their name in Irish, or bilingually, with priority given to Irish, on the back of Temporary Council Signs, from the beginning of this scheme.
- Kerry Local Authorities will use their names in Irish, or bilingually, on road staff Jackets with priority given to Irish, from the beginning of this scheme.

3.15 Oiliúint

Clár oiliúna cuimsitheach bunaithe ar riachtanais na nOifigeach Ainmnithe Gaeilge agus eile, a ullmhú agus a chur ar fáil d'fhoireann na Comhairle go réamhghníomhach ó thús na scéime, ag cur san áireamh...

- Cúrsaí Gaeilge Teastas Eorpach na Gaeilge agus Gaeleagras, agus lá ar thaithí oibre sa Ghaeltacht.
- Cúrsa na Seirbhise Gaeilge a sholáthar mar thacaíocht don bhfoireann a chuireann seirbhís Gaeilge ar fáil ón gcuntar poiblí, ina mbeadh foclóireacht, téarmaí sainiúla, foirmeacha agus fógraí na Ranna éagsúla sna hÚdarás Áitiúla.
- Gréasán tacaíochta a fhorbairt do na hOifigigh Ainmnithe Gaeilge ar mhaithe le deiseanna a chothú don bhfoireann a gcuid Gaeilge a úsáid san áit oibre, ócaidí sóisialta i rith Seachtain na Gaeilge san áireamh.

3.16 Earcaíocht

Go dtabharfaidh an Roinn Acmhainní Daonna túis aite chun a chinntiú go mbeidh a dhóthain fairne sna hÚdarás Áitiúla i gCiarraí chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, mar a bhí leagtha amach roimhe seo, riachtanais Oifigí Gaeltachta agus Ranna cuí san áireamh, agus nuair atá baill fairne á n-aistriú nó á mbogadh taobh istigh den eagraíocht.

1. Inniúlacht sa Ghaeilge a lua mar riachtanais d'fhoireann lonnaithe sa Ghaeltacht.
2. Deinfear tagairt d'inniúlacht na Gaeilge i ngach post nua in Údarás Áitiúla Chiarraí.
3. Cúrsa londuchtaithe Gaeilge a chur ar fáil don bhfoireann, Oifigigh Cléireachais nua agus foireann na nOifigí Poiblí ina measc, maidir le n-ár gcuid dualgais i leith na Gaeilge. Beidh an Roinn Oiliúna agus Oifig na Gaeilge freagracht as seo.
4. Go ndeinfí inniúlacht Ghaeilge Oifigigh Cléireachais nua a mheas agus go dtabharfaidh Comhairle Contae Chiarraí tacaíocht agus spreagadh dóibh lena gcuid Gaeilge nuair is cuí.
5. Taithí oibre trí Ghaeilge a chur san áireamh mar chuid den 4 Réimse Inniúlachta a bheidh mar bhunús dá gcuid forbairt mar Oifigigh Cléireachais.
6. Athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim marcála do na hagallaimh Gaeilge le baill fairne reatha 's nua i gcomhthéacs Teastas Eorpach na Gaeilge.
7. Tabharfaidh Comhairle Contae Chiarraí túis áite d'foireann (teicniúil / pleanálaithe) le h-inniúlacht Ghaeilge a chur i mbun seirbhísí Gaeltachta a sholáthar go háirithe sna réimsí Pleanála, Tithíochta, Seirbhísí Uisce agus Bóithre.

3.15 Training

To prepare and deliver a comprehensive training programme for Council staff based on the needs of the Nominated Irish Officers and others from the beginning of this scheme, including...

- Teastas Eorpach na Gaeilge and Gaeleagras courses, and a day's work experience in the Gaeltacht.
- To provide an Irish Services Course covering vocabulary, specific terminology, forms and advertisements from the various Departments in the Local Authorities as a support to staff who provide services through Irish at the public counter.
- To develop a support network for the Nominated Irish Officers for the purpose of fostering opportunities for staff to use Irish in the workplace, including social occasions during Seachtain na Gaeilge.

3.16 Recruitment

That it be a priority of the Human Resource Department to ensure that sufficient staff will be available in Kerry Local Authorities to provide services through Irish, as was previously laid out, including the needs of Gaeltacht Offices and relevant Departments, and when members of staff are being transferred or moved within the organisation.

1. That proficiency in Irish be stated as a requirement for all new staff based in the Gaeltacht.
2. Proficiency in Irish will be referred to in all new positions for Kerry Local Authorities.
3. That an Irish Language Induction course be provided for staff, including new Clerical Officers and Public Counters staff, regarding obligations to the Irish Language. The Training Department and Irish Office to be responsible for this.
4. That all new Clerical Officers be assessed on their competency on their Irish skills and, where appropriate, Kerry Local Authorities will support and encourage the improvement of their Irish skills.
5. To include work experience through Irish as part of the 4 Competency Areas that will form part of their development as Clerical Officers.
6. To review the current marking scheme for the Irish interviews with current and new members of staff in the context of the European Certificate in Irish.
7. It will be a priority for Kerry County Council to assign staff (technical / planners) with a strong competency in Irish in providing Gaeltacht services particularly in the areas of Planning, Housing, Water Services and Roads.

4. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Coimeádfaidh an Fhoireann Ardbhainistíochta taobh istigh d'Údaráis Áitiúla Chiarraí feidhmiú éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú, le tacaíocht ón bhfoireann CCLO.

Is é an bainisteoir líne i ngach Rannóg atá freagrach as feidhmiú agus monatóireacht na Scéime laistigh dá n-aonad féin, ag tuairisciú go rialta go dtí a Stiúrthóir Seirbhíse. Deinfeart seo le tacaíocht ón Oifigeach Gaeilge.

5. Poiblíocht na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poiblíocht ar a bhfuil sa scéim seo mar aon le tiomantais agus forálacha na scéime don bpobal i gcoitinne ar na slite seo a leanas:-

- Preas-ráiteas;
- Seoladh oifigiúil na scéime;
- Fógraíocht ar na forálacha;
- Scaipeadh ar na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí poiblí cuí;
- Suíomh idirlín.

Tá cóip den scéim seo curtha go dtí Oifig Choimisiún na dTeangacha Oifigiúla.

Sa bhreis air seo, bainfidh na hÚdaráis úsáid as gach deis le chustaiméirí chun na seirbhísí a chuirtear ar fáil i nGaeilge a fhogaírt agus a chur chun cinn, agus curfear in iúl go díreach do chustaiméirí go laethúil go bhfuil rogha acu déileáil leis an gComhairle trí Ghaeilge, mar seo leanas:

- Crochfar fógraí le liosta de na seirbhísí trí Ghaeilge go feiceáalach i ngach fáiltiú agus ar shuíomh idirlín na Comhairle.
- Cuirfear nóta i bhfoilseacháin ag cur in iúl go gcuireann an Chomhairle seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus go gcuirtear fáilte roimh chustaiméirí atá ag iarraidh a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Cuirfear nóta le treoirínte, bileoga agus foirmeacha iarratais ag míniú go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge (sa chás nach bhfuilid dátheangach cheana féin)
- Deinfeart Seirbhísí Gaeilge ag na Cuntair Phoiblí a sheoladh de réir mar a thagann siad chun cinn. Tabharfar cuireadh don bpobal, d'eagraíochtaí Gaeilge agus do na meáin chumarsáide teacht ag na seoltaí chun bualadh leis an bhfoireann agus eolas a fháil ar na seirbhísí sin.

Is é an leagan Gaeilge bunthéacs na scéime seo.

4. Monitoring and Revision

The Senior Management Team within Kerry Local Authorities will keep the effective operation of this Scheme under review, with assistance from the CCLLO Team.

The line managers in each Section are responsible for the implementation and monitoring of the Scheme within their own areas, and for reporting on a regular basis to their Director of Services. This shall be done with assistance from the Irish Officer.

5. Publicising of the Agreed Scheme

The contents of this scheme, along with the commitments and provision of the scheme, will be publicised to the general public by means of:

- Press Release;
- Official Launch of the Scheme;
- Advertising of provisions;
- Circulation to appropriate agencies and public bodies;
- Website.

A copy of this scheme has also been forwarded to Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

In addition to this, the Authorities will take every opportunity to promote and advertise the services that are available for customers through Irish, and customers will be informed directly on a daily basis that they have the choice of doing business with the Council through Irish, in the following ways:

- Notices of the lists of services through Irish will be erected in all reception areas as well as on Council's Website.
- Publications will contain a note stating that the Council provides services through Irish, and welcomes customers who wish to avail of services through Irish.
- Application Forms, leaflets and guidelines will contain a note explaining that these items are available through Irish (in the case that they are not already bilingual)
- Public Counter Services through Irish will be launched as they are made available. The public, Irish Language organisations and the media will be invited to these launches to meet with staff and obtain information on those services.

The Irish text is the original text of this scheme.